# Luach Saothair don Ealaíontóir

the arts council
an chomhairle ealaíon

Beartas de chuid na Comhairle Ealaíon maidir le luach saothair agus conraitheoireacht atá cóir agus cothrom d'ealaíontóirí.

Is é an fhís atá ag an gComhairle Ealaíon ná Éirinn inar féidir le healaíontóirí agus le cleachtóirí atá ag obair go gairmiúil sna healaíona mar gheall ar an mbua agus tiomantas iontach atá acu gairmeacha táirgiúla agus tairbheacha a bheith acu.

Déanaimid iarracht timpeallacht a chruthú inar féidir le healaíontóirí saothar a dhéanamh ina léirítear uaillmhian agus ardchaighdeán, agus ina bhfaighidh siad luach saothair cuí.

---

*Making Great Art Work,*
*Leading the Development of the Arts in Ireland,*
*Arts Council Strategy* (2016–2025)

# An Comhthéacs maidir leis an mBeartas

Tugtar le fios i staidéir thaighde agus i bhfianaise thurgnamhach go bhfuil dálaí oibre agus maireachtála ealaíontóirí fós faoi bhun na gcaighdeán inghlactha, agus roinnt ealaíontóirí ag tuairisciú go bhfuil siad ag saothrú ioncam faoi bhun an phá íosta náisiúnta.[1]

Mar a leagtar amach i straitéis reatha na Comhairle Ealaíon, Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh, is príomhchuspóir straitéiseach don eagraíocht feabhas a chur ar dhálaí maireachtála agus oibre – agus, go háirithe, luach saothair agus conraitheoireacht atá cóir agus cothrom a chinntiú d'ealaíontóirí.

Mar an ghníomhaireacht náisiúnta forbartha i gcomhair na n-ealaíon agus mar dhream a thugann maoiniú ollmhór do na healaíona, táimid meáite ar ár seasamh a úsáid chun dul i gcion ar athruithe. Ní fheicimid ár ról mar cheann lena socraítear rátaí pá; mar sin féin, tugaimid aitheantas don ról atá acu siúd a bhfuil sainordú acu é sin a dhéanamh. Tá ár gcuid gníomhartha dírithe ar thaighde, ar acmhainn a fhorbairt, ar chloí le dea-chleachtas, agus ar thacaíocht a thabhairt. Níl aon drogall orainn roimh chastacht na ceiste ach is maith is eol dúinn na constaicí agus na dúshláin atá os comhair go leor eagraíochtaí agus daoine aonair a oibríonn sna healaíona.

Tá a fhios againn nach é pá an t-aon cheist a chuireann le héiginnteacht shaol na n-ealaíontóirí, ach mar sin féin, mura bhfaigheann ealaíontóirí luach saothair ceart dá gcuid oibre, ní bheidh siad in acmhainn slí bheatha a bhaint amach sna healaíona.

Fágann nádúr ar leith na bhfoirmeacha ealaíne agus a gcleachtais ghaolmhara earnála nó tionscail go bhfuil éagsúlachtaí móra sa chaoi a mbraitear ceisteanna pá agus conraitheoireachta thar fhoirmeacha ealaíne difriúla agus earnálacha ealaíon difriúla. Leagfar síos sa bheartas seo na príomhphrionsabail is féidir a ghlacadh thar gach réimse ealaíon. Samhlaítear go mbeidh sé de chumas ag na prionsabail sin a bheith mar bhonn is mar thaca ag aon bheartais, idirghabhálacha nó feachtais atá sonrach do réimse na n-ealaíon sa todhchaí.

Comhlánaíonn agus tógann an beartas seo ar obair reatha maidir le dínit agus ómós san áit oibre agus Beartas na Comhairle Ealaíon maidir le Comhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht (CCDÉ).

Laistigh den Bheartas seo maidir le Luach Saothair agus Conraitheoireacht atá Cóir agus Cothrom, sonraíonn an Chomhairle Ealaíon a seasamh agus a hionchais maidir le luach saothair agus conraitheoireacht laistigh d'earnáil na n-ealaíon.

---

[1] An Chomhairle Ealaíon agus Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann, *The Living and Working Conditions of Artists in the Republic of Ireland and Northern Ireland* (2010); *Visual Artists Ireland, The Social Economic & Fiscal Status of the Visual Artist in Ireland* (2016); *Theatre Forum, Review of Pay and Conditions in the Performing Arts in 2018* (2019).

# Ráiteas Beartais

Aithníonn an Chomhairle Ealaíon, mar an ghníomhaireacht náisiúnta atá freagrach as forbairt na n-ealaíon, an ról atá aici chun luach saothair agus conraitheoireacht atá cóir agus cothrom a chur chun cinn laistigh de na healaíona. Aithníonn sí freisin, ar chúiseanna go leor, go bhfágann cleachtais áirithe go bhfuil dálaí ann nach bhfuil ag teacht leis an gcaighdeán sin.

Tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta don phrionsabal maidir le luach saothair cothrom d'ealaíontóirí gairmiúla. Tá luach saothair cothrom nuair is ionann é le gach a iarrtar ar ealaíontóir a dhéanamh maidir lena chuid ama, a ionchur agus a shaineolas. Cuirfear stádas an ealaíontóra san áireamh ann agus léireoidh sé an luach nó an fiúntas a cruthaíodh mar gheall ar a chuid rannpháirtíochta. Cuirimid béim freisin ar luach saothair cothrom toisc go bhfuilimid meáite ar chomhionannas agus ar éagsúlacht sna healaíona.

Úsáidtear luach saothair anseo chun tuilleamh ealaíontóra a chuimsiú, is cuma cén cineál tuillimh a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Áirítear leis pá, tuarastal, táillí, liúntais, sochair agus dreasachtaí neamhairgid chomh maith le hioncam a fhaightear ó chearta nó ó ríchíosanna. Ba cheart do shocruithe conraitheoireachta a bheith mar an gcéanna, ar bhonn trédhearcach, le hionchais nó le ceanglais na rannpháirtíochta agus ba cheart go leagfaí amach na téarmaí ábhartha iontu.

Aithníonn an Chomhairle Ealaíon a ról maidir le hathrú a stiúradh chun cinn trí thabhairt faoi thaighde agus é a roinnt, tacú le gníomhartha forbartha a fheabhsaíonn acmhainn agus trédhearcacht, trí na ceanglais a chuirimid ar dhaoine a fhaigheann maoiniú, agus trínár gcomhpháirtíochtaí agus ár n-obair thacaíochta.

Aithnímid nach mór dúinn oibriú le healaíontóirí agus lena gcuid ionadaithe agus leis na daoine aonair agus na heagraíochtaí a fhostaíonn iad chun an staid reatha a fheabhsú. Féachaimid le cultúr cothroime agus cóireála comhionainne a chruthú agus déanaimid iarracht deireadh a chur le cás nach bhfaigheann ealaíontóirí a ndóthain pá nó ina n-oibríonn siad in aisce ar mhaithe le 'poiblíocht' a fháil.

**Tá treoir ag ár dtiomantas ó na prionsabail seo a leanas atá bunaithe ar luachanna:**

- Tá meas ag an gComhairle Ealaíon ar ealaíontóirí: tá meas againn ar an saothar a chruthaíonn ealaíontóirí, agus ar an mbealach a ndéanann siad ionadaíocht ar shaol cultúrtha an náisiúin agus an chaoi a rannchuidíonn siad leis. Ní mór don mheas atá againn ar ealaíontóirí ar bhonn eacnamaíoch a bheith mar an gcéanna leis sin.

- Má táthar chun timpeallacht fholláin a chothú do na healaíona caithfidh ealaíontóirí a bheith in ann slite beatha inmharthana a choimeád laistigh den disciplín atá roghnaithe acu. Go háirithe, is mian linn a chinntiú go mbíonn ionadaíocht ag glórtha éagsúla laistigh de na healaíona. Tá sé ríthábhachtach na caighdeáin ina n-íoctar ealaíontóirí agus an chaoi a bhfostaítear iad a fheabhsú chun é sin a bhaint amach.

- Is folaithe iad ranníocaíochtaí gearríoctha nó neamhíoctha ealaíontóirí i saol cultúrtha na hÉireann; aithnímid nach bhfuil sé sin cóir agus nach féidir leanúint dó.

- Féachaimid le seasamh a bhaint amach inar cheart go mbeadh dea-chleachtas, ní íoschaighdeáin, i gceist le luach saothair agus conraitheoireacht ealaíontóirí thar gach foirm agus disciplín ealaíne.

- Maímid nuair atá maoiniú poiblí i gceist, go mbeadh luach saothair cóir agus cothrom mar ábhar beartais agus tosaíochta agus, dá réir sin, gur cheart é a chur san áireamh sa phróiseas buiséadaithe seachas é a bheith ag brath ar bhuiséad a bheith ar fáil.

Mar ghníomhaireacht náisiúnta forbartha do na healaíona, deimhníonn an Chomhairle Ealaíon go mbaineann an beartas seo leis na nithe seo a leanas:

i Ár rannpháirtíocht dhíreach féin le healaíontóirí;

ii Na daoine a ndéanaimid infheistiú iontu;

iii An Rialtas agus comhpháirtithe;

iv Ealaíontóirí agus cleachtóirí aonair.

# Raon Feidhme an Bheartais

**i. Ár rannpháirtíocht dhíreach féin le healaíontóirí**
Lasmuigh dár bpróisis mhaoinithe, tá uaireanta ann ó am go chéile ina bhfostaímid ealaíontóirí go díreach. Le hobair den sórt sin d'fhéadfaimis ealaíontóirí a fhostú chun cur i láthair nó taibhiú a dhéanamh mar chuid de ghníomhaíochtaí poiblíochta nó le haghaidh imeachtaí ar nós na hOíche Cultúir. Tugaimid cuireadh rialta d'ealaíontóirí a bheith rannpháirteach i bpainéil phiaraí nó i ngrúpaí fócais nó b'fhéidir go lorgóimis íomhánna ealaíontóirí a úsáid i gcomhair foilseachán. Le hobair den sórt sin bímid meáite ar sheasamh leis na luachanna agus na prionsabail a chuirtear in iúl sa bheartas seo. D'fhoilsíomar ráiteas ina sonraítear ár gcleachtais féin ar ár suíomh gréasáin.

**ii. Na daoine a ndéanaimid infheistíocht iontu**
Bítear ag súil go n-íocfadh daoine a fhaigheann maoiniú na Comhairle Ealaíon ealaíontóirí go cothrom agus go bhfostaídís iad go cuí. Iarrann an Chomhairle Ealaíon ar eagraíochtaí ealaíon ráitis shoiléire a thabhairt maidir le pá cothrom agus íocaíochtaí d'ealaíontóirí a aithint go soiléir laistigh dá mbuiséid.

Tá beartas agus cur chuige eagraíochta maidir le luach saothair ealaíontóirí mar chuid de na critéir mheasúnaithe faoi gach clár maoinithe ábhartha. Go háirithe, bímid ag súil ó eagraíochtaí atá maoinithe go straitéiseach ceannaireacht a thaispeáint agus eiseamláir a léiriú laistigh den earnáil.

Tá dualgas cúraim ar eagraíochtaí agus ar dhaoine aonair a oibríonn le healaíontóirí maidir leis na healaíontóirí sin. Ba cheart go mbeadh idirphlé oscailte, cothrom agus trédhearcach mar bhonn eolais ag téarmaí rannpháirtíochta ealaíontóra. Beidh an Chomhairle Ealaíon ag súil is go ndéanfaidh eagraíochtaí iarracht na prionsabail dea-chleachtais a leagtar amach sa bheartas seo a chomhlíonadh. Is cuid den mhonatóireacht agus den tuairisciú leanúnach atá riachtanach trínár gcláir dheontais é luach saothair ealaíontóirí.

**iii. An Rialtas agus comhpháirtithe**
Aithníonn an Chomhairle Ealaíon freisin, mar an ghníomhaireacht náisiúnta d'fhorbairt na n-ealaíon, go bhfuil ról lárnach againn stiúir a ghlacadh maidir le luach saothair cóir agus cothrom le comhghleacaithe ar fud ranna rialtais, gníomhaireachtaí, údaráis áitiúla agus eagraíochtaí eile a thugann maoiniú poiblí do na healaíona, agus tacaíocht a thabhairt dó sin.

Déanaimid é sin leis an intinn go leagaimid amach prionsabail dea-chleachtais chun caighdeán iomchuí a chur ar fáil do chomhghleacaithe faoina mbeidh siad in ann a luach saothair agus a bpróisis chonraitheoireachta a thomhas d'fhonn cothroime agus cóireáil chomhionann a chinntiú.

Bímid ag gabháil freisin do phríomhcheisteanna beartais phoiblí agus reachtúla a mbíonn tionchar acu ar chumas tuillimh ealaíontóirí agus ar a ndálaí oibre.

**iv. Ealaíontóirí agus cleachtóirí aonair**
Tá an Chomhairle Ealaíon ag iarraidh go mbeadh meas ar ealaíontóirí agus go mbeidís ag súil go gcaithfí go cóir leo. Táimid ag iarraidh go mbeadh muinín ag ealaíontóirí, go dtuigfidís an fiúntas a bhaineann leo, agus go mbraithfidís go bhfuil níos mó cumhachta acu i gcéimeanna caibidlíochta agus conraitheoireachta dá bhfostaíocht ghairmiúil. Tá sé beartaithe againn go mbeadh ról ag an mbeartas seo chun ealaíontóirí a spreagadh le bheith ag súil go gcaithfí go cothrom agus go cóir leo.

Spreagaimid ealaíontóirí freisin chun a chinntiú go ndéanfaidh siad soláthar dá luach saothair nuair a bheidh iarratais á ndéanamh acu ar mhaoiniú chuig an gComhairle Ealaíon.

Úsáidimid an téarma 'ealaíontóirí' sa chiall is leithne den fhocal sa bheartas seo. Tá tiomantas d'ealaíontóirí i gcroílár ár straitéise, agus creidimid go bhfágann an cleachtas ealaíon ealaíontóirí go háirithe leochaileach. Cé go ndírítear ar ealaíontóirí sa bheartas seo, tá feidhm chomhionann leis na prionsabail sa bheartas seo is atá le hoibrithe neamhspleácha eile in earnáil na n-ealaíon.

Fágann nádúr ar leith na bhfoirmeacha ealaíne agus a gcleachtais ghaolmhara earnála nó tionscail go bhfuil difríochtaí móra sa chaoi a mbraitear ceisteanna pá agus conarthaí thar fhoirmeacha ealaíne difriúla agus earnálacha ealaíon difriúla.

**Mar sin féin, deimhnímid gur féidir prionsabail dea-chleachtais a chur i bhfeidhm i bhformhór na hoibre a dhéanaimid.**

# Prionsabail Dea-Chleachtais

**Leagaimid amach iontu seo a leanas na prionsabail dea-chleachtais dóibh sin ar fad a fhostaíonn ealaíontóirí:**

- A chinntiú go mbeidh beartas agus cur chuige i bhfeidhm a bheith comhaontaithe ag an mbord agus ag an mbainistíocht ina láimhseálfar gach gné den obair a dhéantar le healaíontóirí, agus go mbeidh an beartas agus cur chuige sin ar fáil d'ealaíontóirí agus go bhfoilsítear iad ar shuíomh gréasáin na heagraíochta.
- A bheith oscailte, trédhearcach agus díreach i gcumarsáid le healaíontóirí d'fhonn soiléire a chinntiú ón dá thaobh ar a n-iarrtar agus ar a dtairgtear.
- Cloí le rátaí, téarmaí, cleachtais agus caighdeáin a mholann eagraíochtaí ionadaíocha agus acmhainne, agus foireann uirlisí agus acmhainní atá ar fáil a úsáid chun tacú leis an bpróiseas conraitheoireachta.
- Díriú ar fheabhas leanúnach ar rátaí, ag aithint an bhoinn íseal óna leagtar síos noirm agus caighdeáin reatha agus nach uaillmhian inghlactha iad íoschaighdeáin.
- A chinntiú go mbeidh gach rannpháirtíocht cumhdaithe ag conradh.
- A chinntiú go léiríonn an luach saothair agus na conarthaí an raon feidhme iomlán óna bhfuiltear ag súil leis ón ealaíontóir agus is gá dó a sholáthar.
- A chinntiú go mbeidh glór ag ealaíontóirí agus/nó a gcuid ionadaithe chun téarmaí agus coinníollacha a chaibidliú.
- A bheith soiléir faoi chineál agus stádas rannpháirtíochta—i.e. cibé ar conradh fostaíochta nó conradh i gcomhair seirbhísí é an conradh—chomh maith le haon cháin ghaolmhar, sochair/oibleagáidí slándála sóisialaí a eascraíonn as (e.g. pá saoire, ÁSPC, etc.)
- A chinntiú go léiríonn na híocaíochtaí agus/nó go ndéanann siad idirdhealú idir táillí agus costais, lena n-áirítear per diems nó íocaíochtaí ábhartha eile.
- A bheith follasach agus díreach faoi conas agus cathain a dhéanfar íocaíochtaí; ba cheart é sin a leagan amach i mbeartas na heagraíochta maidir le híocaíocht phras.
- A chinntiú go mbeidh táillí ealaíontóirí fálaithe laistigh de bhuiséid tionscadal chun a chinntiú go mbeidh cosaint acu ar róchaiteachas buiséid i réimsí eile.
- A chinntiú go dtugtar ómós do chóipcheart ealaíontóirí, idir chearta morálta agus chearta eacnamaíocha.
- Tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí chun a gcion a dhéanamh do shaol eacnamaíoch pé rud a chruthaíonn siad trína chinntiú go mbeidh aon socruithe conraitheoireachta d'ealaíontóirí a bhainfidh leas as saothrú breise a gcuid oibre sa todhchaí iomchuí agus comhréireach agus go léiríonn siad luach nó fiúntas an méid atá cruthaithe ag an ealaíontóir.

**D'fhéadfadh sé tarlú uaireanta nach mbíonn feidhm le luach saothair. D'fhéadfadh sé sin tarlú de bharr gníomhaíocht dheonach nó de bharr cineál malartaithe luacha dhleathaigh éigin. Tá sé tábhachtach é sin a aithint, ach a rá freisin go bhfuil gá le soiléire agus go gcaithfear an réasúnaíocht agus an cur chuige a chur in iúl go follasach ar na bealaí seo a leanas:**

- Cuntas soiléir a thabhairt ar na buntáistí agus ar na luachanna a bhaineann leis an rannpháirtíocht i gcás nach ndéantar aon íocaíocht ach i gcás ina soláthraítear torthaí gairmiúla sonracha.
- Oibriú go hoscailte le healaíontóirí, ag cinntiú go mbeidh siad ar aon intinn maidir le téarmaí an mhalartaithe luacha agus go mbeidh tuiscint agus feasacht iomlán acu maidir leis an réasúnaíocht a bhaineann leis an rannpháirtíocht dheonach nó neamhíocaíochta.
- A chinntiú go mbeidh rannpháirtíocht na ndaoine deonacha mar chuid de bheartas deonach atá leagtha amach go soiléir agus nach bhfuil sé ann in ionad ceanglais foirne. Ina theannta sin, a chinntiú go mbeidh meas ar oibrithe deonacha, go gcuirfear faoi oiliúint i gceart iad agus nach n-iarrfar orthu freagrachtaí a ghlacadh thar a bhfuil taithí acu air.

# Comaoineacha Dlíthiúla agus Reachtúla

### SEASAMH DLÍTHIÚIL NA COMHAIRLE EALAÍON

Is gníomhaireacht reachtúil í an Chomhairle Ealaíon, agus feidhmíonn sí faoi Acht Ealaíon 2003, ina bhforáiltear gur cheart don Chomhairle Ealaíon 'cabhrú le caighdeáin sna healaíona a fheabhsú'. Luaitear an ceanglas sin tuilleadh i straitéis reatha na Comhairle Ealaíon, Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh.

Agus príomhphrionsabail agus sraith gníomhartha á gcur in iúl (cuid 7, thíos), tá an Chomhairle Ealaíon ag leagan amach cuspóirí di féin, do ghníomhaireachtaí agus d'institiúidí a oibríonn i gcomhar léi agus d'earnáil na n-ealaíon.

Ní mór don Chomhairle Ealaíon gníomhú laistigh dá cumhachtaí reachtúla, agus ní áirítear rátaí pá a shocrú ná socruithe i gcomhair táillí a chaibidliú leis sin. Ní mór di aird a bheith aici freisin ar a cuid feidhmeanna faoin Acht agus gan forálacha reachtaíochta eile cosúil leis an Acht Iomaíochta, 2002, a shárú.

### REACHTAÍOCHT FOSTAÍOCHTA AGUS CHOMHIONANNAIS

Tugann an Chomhairle Ealaíon aitheantas don phríomhreachtaíocht atá mar bhonn is mar thaca ag cleachtais fostaíochta, go háirithe, an tAcht um Íoc Pá 1991 agus an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000.

Anuas air sin, deimhnítear le Beartas na Comhairle Ealaíon maidir le Comhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht (CCDÉ), de réir na nAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015, na nAchtanna um Stádas Comhionann 2000-15 agus Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, comhionannas deiseanna agus cóir chomhionann beag beann ar inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéis, míchumas, aois, cine, creideamh agus ballraíocht den Lucht Siúil. Ina theannta sin, aithnítear sa Bheartas CCDÉ stádas socheacnamaíoch mar fhoras breise.

# An Ról atá ag Eagraíochtaí Ionadaíocha agus Acmhainne

Tugann an Chomhairle Ealaíon aitheantas don ról atá ag eagraíochtaí ionadaíocha agus acmhainne maidir le faisnéis agus comhairle a sholáthar, lena n-áirítear treoirlínte maidir le rátaí pá. Aithnímid go bhfuil róil dhifriúla ag na heagraíochtaí sin laistigh dá n-earnálacha faoi seach. Tá sainordú ag cuid acu gníomhú mar ionadaithe thar ceann a mballraíochta gairmiúla/ealaíonta, agus tá ról níos ginearálta ag daoine eile mar sholáthraithe seirbhíse nó mar lucht tacaíochta laistigh dá n-earnáil.

Aithnímid ról agus stádas na n-eagraíochtaí sin beag beann ar cibé an maoiníonn nó nach maoiníonn an Chomhairle Ealaíon iad.

Tá liosta againn ar ár suíomh gréasáin de raon na n-eagraíochtaí ionadaíocha agus acmhainne ábhartha. Cuirimid naisc theagmhála ar fáil agus, nuair is cuí, aithnímid rátaí pá, acmhainní, foireann uirlisí, teimpléid nó treoirlínte is féidir a fháil trí na comhlachtaí sin.

# Plean Forfheidhmithe

Is cuid de phlean trí bliana na Comhairle Ealaíon le haghaidh 2020-22 é cur i bhfeidhm an bheartais seo.

Aithníodh an tacar gníomhartha seo a leanas a chuirfear i bhfeidhm thar an tréimhse trí bliana sin.

| | Gníomhartha Taighde | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **Gníomhartha** | **Torthaí inmhianaithe** | **Bunspriocanna inghnóthaithe** | **Amlíne** |
| **1.1** | Taighde leanúnach a choimisiúnú maidir le pá agus coinníollacha ealaíontóirí agus an tionchar gaolmhar ar ealaíontóirí agus ar earnáil na n-ealaíon. | Léargas chun dáta coinnithe thar réimsí ealaíon d'fhonn bonn eolais a thabhairt dóibh seo a leanas:<br>— Forbairtí beartais<br>— Monatóireacht agus measúnú<br>— Tacaíocht | Raon feidhme an taighde a mheas agus a choimisiúnú faoi dheireadh 2020. | R1 2020–R4 2022 |
| **1.2** | Athbhreithniú a chur ar bun maidir leis na cleachtais athraithe a bhaineann le socruithe fostaíochta/conarthaí i gcomhair seirbhísí. | Tuarascáil a fhoilsiú ina dtugtar léargas níos fearr don Chomhairle Ealaíon agus d'earnáil na n-ealaíon.<br>Rannpháirtíocht faoi threoir le comhlachtaí na hearnála poiblí, lena n-áirítear scoileanna, údaráis áitiúla, boird oideachais agus oiliúna, institiúidí tríú leibhéal, etc. | An tuarascáil a chur ar fáil in 2020.<br>Na torthaí a roinnt agus a scaipeadh i rith 2021. | R1 2020–R3 2021 |
| **1.3** | I gcomhpháirt leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn agus le dreamanna eile, infheistíocht a dhéanamh agus deis a chruthú chun raon feidhme an taighde maidir le dálaí maireachtála agus oibre ealaíontóirí a leathnú. | Eolas níos fearr maidir le dálaí maireachtála agus oibre ealaíontóirí de bharr léargas níos doimhne agus dearcadh leathnaithe. | Roghanna a mheas agus a shainaithint in 2020.<br>Tionscnamh taighde a thosú in 2021. | R1 2021–R4 2022 |

# Plean Forfheidhmithe

| | Gníomhartha Forbartha | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **Gníomhartha** | **Torthaí inmhianaithe** | **Bunspriocanna inghnóthaithe** | **Timeline** |
| **2.1** | Tacaíocht a thabhairt do phríomheagraíochtaí ionadaíocha agus acmhainne chun rátaí/scálaí pá molta a athbhreithniú agus a thabhairt chun dáta, agus chun foirne uirlisí ábhartha, acmhainní faisnéise, conarthaí teimpléid, etc., a fhorbairt nó a thabhairt cothrom le dáta. | Moltaí nua agus nuashonraithe maidir le rátaí/scálaí pá faoi threoir na hearnála.<br><br>Acmhainní faisnéise nua agus nuashonraithe ar fáil, go háirithe i réimsí ina bhfuil cumas íseal. | Eagraíochtaí ionadaíocha agus acmhainne ag gabháil d'idirphlé chun raon feidhme agus saindualgas a aithint.<br><br>Infheistíocht a dhéanamh i dtógáil cumais agus i bhforbairt acmhainní.<br><br>Torthaí a chur chun cinn agus tacú leo | R2 2020–R4 2022 |
| **2.2** | Na prionsabail dea-chleachtais a leagtar amach i mbeartas na Comhairle Ealaíon a úsáid, tacú le heagraíochtaí a fhaigheann Maoiniú Straitéiseach chun a ráitis nó a mbeartais féin a fhorbairt agus a fhoilsiú. | Oscailteacht agus trédhearcacht mhéadaithe maidir le cleachtais rannpháirtíochta | Forbairt agus tástáil in 2020.<br><br>Athbhreithniú agus leathnú in 2021.<br><br>Poiblíocht agus monatóireacht in 2022. | R3 2020–R4 2022 |
| **2.3** | Tiomantas maidir le luach saothair ealaíontóirí a chuimsiú i dtograí (mar atá foilsithe inár bplean trí bliana) chun tacú le forbairt ghairmiúil agus le cláir oiliúna. | Faisnéis agus comhairle fheabhsaithe d'ealaíontóirí agus dóibh siúd a fhostaíonn ealaíontóirí. | Cur i bhfeidhm mar chuid de ghníomhaíocht cláir sa phlean trí bliana. | R1 2021–R4 2022 |
| **2.4** | Riachtanais a bhaineann go sonrach le réimse ealaíon a shainaithint agus dul i ngleic leo trí bheartais le haghaidh foirmeacha ealaíne. | Gníomhartha sonracha a chur i bhfeidhm ar leibhéal a bhaineann go sonrach le réimse ealaíon chun dul i ngleic le ceisteanna agus riachtanais shaincheaptha. | Cuimsiú laistigh de phróiseas forbartha beartais laistigh de réimsí foirmeacha ealaíne/cleachtais ealaíon. | R2 2020–R2 2022 |

| | Coinníollacha Maoinithe/Monatóireacht/Próiseáil | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **Gníomhartha** | **Torthaí inmhianaithe** | **Bunspriocanna inghnóthaithe** | **Timeline** |
| 3.1 | Ráiteas soiléir a fhoilsiú agus a fhógairt maidir lenár n-ionchais agus ár riachtanais chun iarratasóirí agus faighteoirí a mhaoiniú. | Soiléire a bhunú maidir leis na hionchais agus na ceanglais le haghaidh gníomhaíochtaí a mhaoiníonn an Chomhairle Ealaíon. | Ráiteas a eisiúint le seoladh beartais agus a chur san áireamh laistigh de threoirlínte le haghaidh gach cláir maoinithe ábhartha. | R1 2020–R4 2022 |
| 3.2 | A chinntiú go mbeidh pá ealaíontóirí mar chuid de na critéir mheasúnaithe le haghaidh gach cláir maoinithe ábhartha. | Leanúint de phá agus coinníollacha a fheabhsú d'ealaíontóirí atá fostaithe i ngníomhaíochtaí a mhaoiníonn an Chomhairle Ealaíon. | Tagairt leanúnach do luach saothair mar chuid lárnach de na critéir mheasúnaithe i gcomhair maoiniú. | R1 2020–R4 2022 |
| 3.3 | A chinntiú go bhfaightear faisnéis leanúnach maidir le pá ealaíontóirí ag céimeanna tábhachtacha sa phróiseas bainistíochta deontas. | Feabhas ar an gcumas atá ann monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm. | Córais TFC ag tabhairt deise don Chomhairle Ealaíon faisnéis maidir le luach saothair ealaíontóirí a ghabháil agus a fhaire. | R1 2021–R4 2022 |
| 3.4 | Monatóireacht ghníomhach ar thiomantais mar atá leagtha amach i socruithe maoinithe. | Tiomantais i dtéarmaí pá agus coinníollacha a chur i gcrích de réir mar a aontaítear iad. | Bonnlíne a leagan síos in 2021.<br><br>Monatóireacht a dhéanamh ar feadh na bliana 2022. | R1 2021–R4 2022 |
| 3.5 | Leas a bhaint as sonraí a gabhadh trí shásraí tuairiscithe chun leibhéil fhoriomlána infheistíochta in ealaíontóirí trí chláir na Comhairle Ealaíon a fhaire agus tuairisciú orthu. | Sonraí a úsáidtear chun tacú le taighde agus tionscnaimh tacaíochta, agus chun iad a threorú, a chur i dtoll a chéile. | Bonnlíne a leagan síos in 2021.<br><br>Monatóireacht a dhéanamh ar feadh na bliana 2022. | R1 2021–R4 2022 |
| 3.6 | Athbhreithniú a dhéanamh ar chláir maoinithe ealaíontóirí lena chinntiú go léiríonn siad prionsabail agus luachanna an bheartais seo. | Tacaíocht na Comhairle Ealaíon ag léiriú riachtanais ealaíontóirí agus iad ar aon dul le prionsabail dea-chleachtais tacaíochta.<br><br>Ní chuirtear brú airgeadais míchuí. ar ealaíontóir nuair a fhaigheann sé nó sí dámhachtain de chuid na Comhairle Ealaíon. | Athbhreithniú inmheánach ar phróisis agus ar nósanna imeachta. | R2 2020–R4 2020 |

# Plean Forfheidhmithe

| | Gníomhartha Tacaíochta | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **Gníomhartha** | **Torthaí inmhianaithe** | **Bunspriocanna inghnóthaithe** | **Timeline** |
| **4.1** | Ár dtiomantas do luach saothair ealaíontóirí a chuimsiú laistigh dá bhfeachtas tacaíochta agus feasachta chun troid ar son ról sainiúil na n-ealaíontóirí i sochaí athraithe na hÉireann (mar a foilsíodh sa phlean trí bliana). | Eolas agus feasacht níos mó ar chaighdeáin, ar ionchais agus ar an tionchar ar shaol ealaíontóirí. | Feachtas sna meáin shóisialta. Cur i bhfeidhm mar chuid de ghníomhaíocht cláir sa phlean trí bliana. | R2 2020–R2 2021 |
| **4.2** | Oibriú le heagraíochtaí ar comhghleacaithe iad ar leibhéal rialtais (idir náisiúnta agus áitiúil), institiúide agus gníomhaireachta d'fhonn obair fheabhsaithe leis na prionsabail dea-chleachtais a chinntiú. | Príomheagraíochtaí/príomhghníomhaireachtaí comhpháirtíochta feasach ar phrionsabail dea-chleachtais mholta na Comhairle Ealaíon, agus ag cloí leo. | 2020: próiseas rannpháirtíochta a cheapadh agus a chur i gcrích le CCMA, ALAAO, CNCI agus leis an ngrúpa oibre idir-rannach ar an gCéatadán ar son na hEalaíne<br><br>2021: leathnú amach chuig príomhpháirtithe eile, lena n-áirítear institiúidí oideachais. | R1 2020–R4 2022 |
| **4.3** | Príomhcheisteanna beartais phoiblí agus reachtúla a shainaithint, a fhaire agus oibriú leo, ceisteanna a mbíonn tionchar acu ar chumas tuillimh ealaíontóirí agus ar a ndálaí oibre. | An Chomhairle Ealaíon ag gabháil do phríomhcheisteanna a mbíonn tionchar acu ar chumas tuillimh ealaíontóirí agus tionchar aici orthu. | 2020: dúshláin a eascróidh as an mBreatimeacht a shainaithint agus a bheith ag gabháil dóibh.<br><br>Oibriú leis an Roinn Fiontar, Gnó agus Nuálaíochta ar reachtaíocht maidir le cóipcheart. | R1 2020–R4 2022 |

# Athbhreithniú agus Maoirseacht

Déanfaidh grúpa oibre inmheánach monatóireacht ar an mbeartas seo, agus go háirithe ar a chéad Phlean Gníomhaíochta, agus déanfar athbhreithniú ar dhul chun cinn ag cruinnithe boird na Comhairle Ealaíon ar bhonn ráithiúil.

Tuairisceoidh an Chomhairle Ealaíon ar dhul chun cinn an bheartais agus na straitéise seo ina tuarascáil bhliantúil mar aon le measúnuithe nó athbhreithnithe eile ar straitéisí corparáideacha.

**The Arts Council**
70 Merrion Square
Dublin 2, Ireland

**artscouncil.ie**
(01) 618 0200